CSPE Ceacht 1: Éire agus Athrú Aeráide

Tá athrú aeráide de bhun gníomhaíochta daonna ina fhadhb phráinneach dhomhanda, agus is é sin príomhdhúshlán comhshaoil na haoise seo. Cuireann leibhéil mhéadaithe gáis cheaptha teasa, mar shampla, an dé-ocsaíd charbóin agus an meatán, le tionchar an gháis cheaptha teasa agus déanann dochar doleigheasta don aeráid. Is iad na foinsí is mó astuithe gáis cheaptha teasa ná iompar, táirgeadh fuinnimh, talmhaíocht, próisis tionsclaíochta agus dífhoraoisiú. Tá Éire i measc na dtíortha is airde astuithe gáis cheaptha teasa per capita san Eoraip agus ar domhan, go deimhin.

Nasc curaclaim

Coincheapa – Cearta agus Dualgais/Idirthuilleamaíocht, Maoirseacht

Cuspóir

- Forbróidh na daltaí tuiscint ghinearálta den athrú aeráide mar choincheap agus ar conas a bhaineann sé le hÉirinn.
- Tuigfidh na daltaí athrú aeráide, na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith leis agus freagrachtaí an duine aonair maidir le dul i ngleic leis na cúrsaí sin.

Eco Eye Gearrthóg scannáin agus cleachtadh tuisceana – Athrú aeráide

- Éire agus athrú aeráide – tús eolais

Is féidir leat breathnú ar na gearrthóga ar fad i dteannta an ranga, nó na cinn is mó is ábhartha do do cheantar féin a roghnú, nó fós na cinn is mó is spéis leis an ngrúpa.

(NB. Soláthraítear cleachtaí tuisceana mar PDF ar leith do gach gearrthóg. Ba cheart duit na cinn a bheidh in úsáid agat leis an gceacht seo a roghnú agus a phriontáil roimh ré)

An topaic a chur i láthair

Ábhair

- Cártaí de pháipéar glas/dearg/ómra chun gur féidir le daltaí ceann a chur in airde le cur in iúl go bhfuil siad ag aontú/easaontú/in amhras.

Modh

- Tabhair na cártaí éagsúla daite do gach dalta nó do gach grúpa daltaí agus mínigh dóibh go bhfuil ceann amháin le cur in airde acu, de réir mar a bhíonn siad ag aontú (glas), ag easaontú (dearg) nó in amhras (ómra).
- Bronnfar marcanna as gach freagra ceart (is féidir duaiseanna a bhronnadh nó clár scóir a chruthú ionas gur féidir a úsáid i gcaitheamh na bliana maidir le gníomhaíochtaí CSPE).
- Léann an múinteoir liosta na ráiteas (bileog oibre 1) agus déanann daltaí cinneadh maidir lena bheith fíor nó bréagach.
- (Is féidir é sin a dhéanamh mar ghníomhaíocht aonair, chomh maith; déan fótachóip de na ráitis agus is féidir le daltaí a dtuairimí féin a scríobh isteach).

An topaic a chíoradh

- Breathnaíonn daltaí ar ghearrthóg scannáin “Éire agus athrú aeráide – tús eolais”.
- Déanann daltaí an cleachtadh tuisceana nó an ghníomhaíocht measc agus meaitseáil.
- Roinntear daltaí i ngrúpaí chun an bhileog oibre a cheartú/chríochnú – scaiptear bileog na bhfreagraí orthu
- Aiseolas maidir le plé sa rang/seomra ranga.

Mol ceisteanna chun plé a spreagadh – Cad a chuir iontas nó alltacht ort? An bhfuil rud ar bith ar siúl agat cheana féin chun dul i ngleic le hathrú aeráide? An bhféadfá níos mó a dhéanamh? Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach rud éigin fóinteach a dhéanamh?

Gníomhaíochtaí leantacha

Obair a mholtar mar obair baile

- Déan liosta de na rudaí ar fad a dhéanann tú chun dul i ngleic le hathrú aeráide.
- Déan póstaer/scríobh aiste chun daoine a chur ar an eolas maidir le hathrú aeráide.

Tionscadail a mholtar mar ghníomhaíochtaí dob fhéidir a dhéanamh

- Déan lorg coise carbóin an ranga/na scoile a ríomh ar http://cmt.epa.ie/en/calculator/ nó ar http://www.askaboutireland.ie/reading-room/environment-geography/Change/calculator-tools/
- Cruthaigh feachtas feasachta faoi athrú aeráide i do scoil. Tá teacht ar acmhainní ar http://www.seai.ie/Power_of_One/One_Good_Idea_School_Project/.
- Cruthaigh léarscáil de na gníomhaireachtaí ar fad i do cheantar áitiúil/in Éirinn atá ag obair chun athrú aeráide a aibhsiú.
- An bhfuil baill do phobail féin ag obair le chéile chun cath a chur ar athrú aeráide? Faigh amach cé atá rannpháirteach san obair sin agus conas is féidir leat cabhrú leo.

Bileog Eolais 1: Éire agus Athrú Aeráide – Tús Eolais

	Ráiteas	Fíor	Bréag	Amhras
1.	Is féidir aeráid a mhíniú mar an aimsir le linn tréimhse áirithe, ar an meán			
2.	Ní bheidh tíortha bochta thíos chomh mór sin ag an athrú aeráide le tíortha saibhre a dhónn níos mó breoslaí iontaise			
3.	Sampla den athrú aeráide ab ea an Oighearaois			
4.	Daoine is mó is cúis leis an athrú aeráide atá ar siúl i láthair na huaire			
5.	Tá leibhéil na mara ag ardú mar gheall ar an athrú aeráide			
6.	Tá eolaithe in ann iarmhairtí athrú aeráide a thuar go beacht			
7.	Cuireann dó guail le hathrú aeráide			
8.	Beidh teocht níos airde in Éirinn mar gheall ar an athrú aeráide			
9.	Is féidir liom cabhrú leis an athrú aeráide a laghdú			